AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE: PAINÉAL AISTRITHEOIRÍ LE hEARCÚ

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge painéal d'aistritheoirí cáilithe a chur ar bun a bheidh ar fáil chun leagan Gaeilge a sholáthar d'ábhar Béarla an fhoclóra. Pacáistí oibre ar conradh a bheidh i gceist, a mbeidh tréimhsí gearra ag gabháil leo.

Is iad seo a leanas na príomhthascanna a bheidh i gceist:

- Leagan(acha) Gaeilge a sholáthar d'ábhar Béarla na gCreataí Iontrála de réir na dtreoracha teanga agus gramadaí a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra
- An t-ábhar Gaeilge sin a chlárú ag úsáid an fheidhmchláir DPS (an Córas Scríofa Foclóra) agus de réir na dtreoracha próisis a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra

Is iad seo a leanas na critéir is gá do na hiarrthóirí a chomhlíonadh:

Critéir Riachtanacha

- Ardlíofacht sa Ghaeilge
- Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge
- Ardchruinneas scríofa sa Ghaeilge
- Ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil
- Taithí i réimse an aistriúcháin
- Ardtuiscint ar an téarmaíocht oifigiúil
- Scileanna ríomhaireachta

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar réimse na foclóireachta
- Eolas ar úsáid na gcorpas mar uirlisí taighde
- Eolas ar fheidhmchláir scríofa foclóra
- Gaeilge na Gaeltachta ó dhúchas
- Taithí ar fhoireann a stiúradh
- Cáilíocht bhreise a bhaineann le sainchúraimí na hoibre, m.sh. an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí
- Freastal déanta ar cheann de na cúrsaí oiliúna san fhoclóireacht dhátheangach a reáchtáil Foras na Gaeilge cheana féin

Tá an painéal á bhunú chun tabhairt faoi obair aistriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar fáil amach anseo. Ní mór do bhaill Phainéal Tascoibrithe an Fhoclóra iarratas as an nua a chur isteach más mian leo bheith ar an bPainéal Aistritheoirí seo. Más spéis leat bheith ar an bpainéal seo, ní mór duit iarratas a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar **www.focloir.ie**

SPRIOCDHÁTA: Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte (sa ghnáthphost) roimh 5.00 p.m. Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2009.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.

Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434